Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/142

16.10.2023

**Caingean arna taisceadh an 17 Iúil 2023 – ABN AMRO Bank agus ABN AMRO Hypotheken Groep v BRA**

**(Cás T-428/23)**

(C/2023/142)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* ABN AMRO Bank NV (Amstardam, an Ísiltír), ABN AMRO Hypotheken Groep BV (Amersfoort, an Ísiltír) (ionadaithe: R. Raas agus T. Barkhuysen, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh ó BRA an 2 Bealtaine 2023 (SRB/ES/2023/23) a chur ar neamhní i bpáirt, lena n-áirítear na hiarscríbhinní a ghabhann leis, a mhéid a dhéantar cinneadh mícheart agus earráideach maidir le ranníocaíochtaí ABN AMRO Hypotheken Groep ('AAHG') le haghaidh 2016, 2017, 2018, 2019, 2020, 2021, 2022, agus/nó 2023, trí na hítimí coigeartaithe ar chlár comhardaithe AAHG a áireamh i ríomh na ranníocaíochtaí agus, go háirithe, i 'ndliteanais iomlána' AAHG; agus

— a ordú do BRA na costais arna dtabhú ag ABN AMRO nó, mar mhalairt air sin, cuid iomchuí dá chostais, a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: Tá an ranníocaíocht atá le híoc ag AAHG leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA) le haghaidh na mblianta 2016-2023 faoin gcinneadh atá faoi chonspóid ar neamhréir le Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/63, a mhéid a áirítear leis ítim choigeartaithe ar bhealach mícheart agus earráideach sa bhonn measúnachta agus gan é sin a eisiamh ó ríomh na ranníocaíochta le CRA mar dhliteanas inghrúpa de réir Airteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe 2015/63. Tá ABN AMRO lántoilteanach a oibleagáid chun ranníocaíocht a dhéanamh le BRA a chomhlíonadh, ach níl sé ag iarraidh íoc faoi dhó as rud arb é, go bunúsach, an oibleagáid chéanna. Ar an gcaoi sin, áitíonn an t-iarratasóir go ndearna BRA an méid seo a leanas:

   — nár chuir siad san áireamh go leordhóthanach na cúinsí ar leith a d'eascair as an gcaoi a bhfuil a chuid idirbheart urrúsúcháin leagtha amach ag ABN AMRO;

   — Airteagal 70 de Rialachán Uimh. 806/2014 a léiriú ar bhealach atá contrártha le foclaíocht, cuspóirí agus comhthéacs an Rialacháin sin, a mhéid nach iad oibleagáidí iarbhír AAHG amháin a chuir sé san áireamh sa bhonn measúnachta;

   — Cur chun feidhme mícheart agus earráideach ar an sainmhíniú ar 'Dhliteanais iomlána' in Airteagal 3(11) de Rialachán Tarmligthe 2015/63 chun an chuid sheasta den ranníocaíocht le CRA a chinneadh, cé nach bhfuil feidhm ag an sainmhíniú sin ach amháin maidir le ranníocaíochtaí riosca-choigeartaithe; agus

   — Rialachán Uimh. 806/2014 agus Rialachán Tarmligthe 2015/63 a chur chun feidhme ar bhealach atá ar neamhréir lena gcuspóirí, lena ndéantar comhaireamh dúbailte nach bhfuil bonn cirt leis agus nach féidir a mhíniú.

2. An dara saincheist dlí: Sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, prionsabal na n-ionchas dlisteanach agus an ceart chun dea-riaracháin (Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh), nach mór a mheas freisin i bhfianaise an chirt chun maoine (Airteagal 17 den Chairt).

   — Contrártha leis an dlí, rinne BRA na cinntí muirearaithe a glacadh go foirmiúil roimhe sin do na blianta 2016-2022 i ndáil le AAHG a tharraingt siar *de facto*.

   — Chuaigh BRA — i ndáil le 2023 freisin — siar ar chleachtas seanbhunaithe maidir le ranníocaíochtaí AAHG a chinneadh agus ó na hionchais a chothaigh BRA agus De Nederlandsche Bank N. V ('DNB') ionchas ar thaobh ABN AMRO ar feadh na mblianta, ag éirí as comhfhreagras le BRA agus DNB agus as na cinntí foirmiúla maidir le ranníocaíochtaí do na blianta 2016-2022.

— Ghníomhaigh ABN AMRO de réir an ionchais a cothaíodh. Mar thoradh air sin, baineadh an fhéidearthacht de ABN AMRO idirbhearta urrúsúcháin a thaifeadadh ar bhealach eile sa chlár comhardaithe, nó iad a fhoirceannadh nó a láimhseáil ar bhealach eile, agus, leis sin, an ítim choigeartaithe a bhaint de chlár comhardaithe AAHG agus an comhaireamh dúbailte gan údar a sheachaint dá réir.

3. An tríú saincheist dlí: Ina theannta sin, sáraítear le cinneadh BRA féin atá faoi chonspóid prionsabal na comhréireachta (Airteagal 5(4) CFAE agus Airteagal 52(1) den Chairt), a chosnaítear freisin leis an gceart chun dea-riaracháin (Airteagal 41 den Chairt) agus leis an gceart chun maoine (Airteagal 17 den Chairt).

— Bhí ar ABN AMRO ranníocaíocht i bhfad ró-ard a íoc le BRA ar son AAHG.

— Tá éifeachtaí diúltacha an chinnidh atá faoi chonspóid ar ABN AMRO díréireach leis an gcuspóir atá le saothrú ag BRA.